Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**15347/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0386(NLE)**

**TRANS 750**
**RELEX 1612**

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive, a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh agus leanúint leis an gComhaontú |

**CINNEADH (AE) .../... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive, a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh agus leanúint leis an gComhaontú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Shínigh an tAontas an Comhaontú maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive[1] ('an Comhaontú') i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2022/1165 ón gComhairle[2] agus tá an Comhaontú á chur i bhfeidhm go sealadach ón 29 Meitheamh 2022.

(2) Le hAirteagal 6(1) den Chomhaontú, bunaítear Comhchoiste chun maoirsiú agus faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe agus chun athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar a fheidhmiú i bhfianaise a chuid cuspóirí.

(3) Le hAirteagal 6(6) den Chomhaontú, foráiltear go bhfuil an Comhchoiste lena rialacha nós imeachta a ghlacadh. Chun cur chun feidhme cuí an Chomhaontaithe a áirithiú, ba cheart rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh

(4) Mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chomhaontú, tá an Comhaontú le feidhm a bheith aige go dtí an 31 Márta 2023. Tá an Comhchoiste le tionól, áfach, 3 mhí ar a dhéanaí roimh dhul in éag an Chomhaontaithe chun measúnú a dhéanamh ar an ngá leanúint leis an gComhaontú agus cinneadh a dhéanamh ina leith sin.

(5) Chun go leanfaidh an tAontas agus Poblacht na Moldóive araon de thairbhiú den Chomhaontú, ba cheart síneadh a chur leis go dtí an 30 Meitheamh 2024.

---

1 IO L 181, 7.7.2022, lch. 4.

2 Cinneadh (AE) 2022/1165 ón gComhairle an 27 Meitheamh 2022 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive (IO L 181, 7.7.2022, lch. 1).

(6) Le linn an chruinnithe a bheidh aige an 15 Nollaig 2022, tá an Comhchoiste le cinntí a ghlacadh lena nglacfar a rialacha nós imeachta agus maidir leis an ngá leanúint leis an gComhaontú, lena n-áirítear fad na leanúna.

(7) Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste maidir le glacadh na rialacha nós imeachta agus an leanúint leis an gComhaontú a bhunú, ós rud é go mbeidh a chinntí ina gceangal ar an Aontas.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais sa Chomhchoiste a bheith bunaithe ar na dréachtchinntí atá i gceangal leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste arna bhunú le hAirteagal 6 den Chomhaontú maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive (‘an Comhaontú’), a mhéid a bhaineann le glacadh a rialacha nós imeachta agus an leanúint leis an gComhaontú, lena n-áirítear fad na leanúna, beidh sé bunaithe ar na dréachtchinntí ón gComhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo[1].

Féadfaidh ionadaithe an Aontais sa Chomhchoiste toiliú le mionathruithe ar na dréachtchinntí ón gComhchoiste a aontú gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] Féach na doiciméid ST 15347/22 ADD1 agus ST 15347/22 ADD2 ag http://register.consilium.europa.eu